Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7152/23**

**ENFOPOL 103**
**IXIM 42**
**COSI 42**
**COPEN 64**
**JAI 273**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 9 Márta 2023 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6745/23 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí 2.0<br>– *Conclúidí ón gComhairle (an 9 Márta 2023)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Gníomhaíochta le haghaidh Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí 2.0, a d’fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile), ag an 3936ú cruinniú a bhí aici, an 9 Márta 2023.

**IARSCRÍBHINN**

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN bPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA LE hAGHAIDH LIMISTÉAR EORPACH EOLAÍOCHTA FÓIRSÉINSÍ 2.0

### ACHOIMRE

Is é is aidhm don Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Limistéar Eorpach Eolaíochta Fóiréinsí (EFSA) 2.0 todhchaí an réimse fhóiréinsigh a mhúnlú faoi 2030. Eagraítear an plean ina thrí cholún, agus gach ceann acu ag díriú ar réimsí shonracha agus ar na gníomhaíochtaí cuí a leagan amach. Sainaithníodh geallsealbhóirí freagracha i gcás gach gníomhaíochta. Beidh freagracht chomhordúcháin ar an bpáirtí a aibhsítear i gcló trom. D’fhéadfadh teagmhálacha le heintitis ábhartha eile nach bhfuil ainmnithe mar ghníomhaithe freagracha a bheith i gceist leis an bhfreagracht chomhordaithe sin freisin.

Tá na gníomhaíochtaí uile le cur chun feidhme agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha i gcomhréir leis na Conarthaí agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh an 7 Nollaig 2000, agus le prionsabail agus reachtaíocht ábhartha maidir le cosaint sonraí.

### LIOSTA D’ACRAINMNEACHA NA nEAGRAÍOCHTAÍ

| | |
|---|---|
| CEPOL | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí |
| ECTEG | An Grúpa Eorpach Oiliúna agus Oideachais maidir leis an gCibearchoireacht |
| GEOB | An Gréasán Eorpach um Oiliúint Bhreithiúnach |
| ENFSI | Líonra Eorpach d’Institiúidí um Eolaíocht Fhóiréinseach |
| Europol | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí |
| eu-LISA | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais |

## A. AN TODHCHAÍ A FHÍORÚ

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | A áirithiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar phríomhchumais na heolaíochta fóiréinsí chun ábharthacht na heolaíochta sin sa chóras breithiúnach a neartú anois agus amach anseo. |
| **Toradh:** | Eolaíocht fhóiréinseach a chuireann seirbhísí éifeachtúla eolaíochtbhunaithe ar fáil a úsáideann teicneolaíochtaí agus modhanna nua-aimseartha. Ar an gcaoi sin, áiritheofar gur acmhainn luachmhar í an eolaíocht fhóiréinseach i gcónaí don chóras breithiúnach, agus go gcuideoidh sí le cinnteoireacht chothrom chruinn a éascú. |
| **Réasúnaíocht, gníomhaíochtaí agus gníomhaithe freagracha:** | **Bithmhéadracht**<br><br>Is féidir, le bithmhéadracht, duine a shainaithint agus a fhíordheimhniú bunaithe ar thacar sonraí inaitheanta infhíoraithe, a bhfuil céimeanna áirithe sainiúlachta ag baint leo. Tá an cumas sonraí bithmhéadracha a asbhaint, a úsáid agus a mhalartú ar cheann de bhunchlocha na heolaíochta fóiréinsí. Tá sé ríthábhachtach go gcinnteofear na nósanna imeachta bithmhéadracha atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear fíorú deiridh a dhéanfaidh duine ar thorthaí, laistigh den eolaíocht fhóiréinseach chun tacú le forfheidhmiú an dlí i gcoitinne. |

| | Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|---|
| 1. | Féachaint ar chumais bhithmhéadrachta agus ar chur i bhfeidhm bithmhéadrachta ilmhódaigh lena n-úsáid in imscrúdú coiriúil. | **ENFSI**, eu-LISA, Europol, na Ballstáit, an lucht acadúil |
| 2. | Plean rannpháirtíochta tionscail agus acadaimh a fhorbairt agus a chur chun feidhme laistigh den limistéar bithmhéadrachta. | **ENFSI,** an Coimisiún, Europol |

**An Intleacht Shaorga**

Is uirlis í an Intleacht Shaorga a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar roinnt gníomhaíochtaí i bpróisis eolaíochta fóiréinsí d'fhonn feabhas a chur ar a gcáilíocht, a n-éifeachtúlacht agus a n-infhaighteacht. Tá an intleacht shaorga mar chuid den iliomad feidhmeanna eolaíochta fóiréinsí cheana féin. Meastar go mbeidh tionchar ag an bhforbairt leanúnach atá á déanamh sa réimse seo ar an eolaíocht fhóiréinseach go ceann i bhfad.

| **Gníomhaíocht** | **Freagracht** |
|---|---|
| 3. Uirlisí IS-bhunaithe lena ndírítear ar réimse na heolaíochta fóiréinsí a fhorbairt agus a chur chun feidhme. | **ENFSI**, an lucht acadúil, an Coimisiún, Europol, an earnáil tionsclaíochta, na Ballstáit |
| 4. Plean straitéiseach a fhorbairt chun IS a bhailíochtú agus a chur chun feidhme san obair fhóiréinseach, agus forbairtí reachtacha ar leibhéal an Aontais á gcur san áireamh. | **ENFSI,** an lucht acadúil, an Coimisiún, ENFSI, Europol, na Ballstáit |
| 5. Dul i dteagmháil leis na breithiúna chun féachaint ar féidir glacadh le IS mar uirlis laistigh den chreat dlíthiúil trí athbhreithniú reachtach agus oideachas ábhartha. | **GEOB**, ENFSI, an Coimisiún, CEPOL, ECTEG, na Ballstáit |

**Digiteáil**

Téann an claochlú digiteach i bhfeidhm ar réimse leathan ina gcuirtear teicneolaíochtaí nua agus próisis uathoibrithe chun feidhme chun tacú le céimeanna éagsúla i bpróiseas na heolaíochta fóiréinsí agus iad a fheabhsú, ó láthair na coire go dtí an seomra cúirte. Tá sé ríthábhachtach go leanfaidh an eolaíocht fhóiréinseach den chlaochlú digiteach a ghlacadh chuici féin agus a nósanna imeachta agus a phróisis a choigeartú.

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 6. Treoirlínte a fhorbairt faoin gcaoi le nósanna imeachta a chruthú maidir le digiteáil a thabhairt isteach agus teicneolaíocht a úsáid san eolaíocht fhóiréinseach. | **ENFSI,** an lucht acadúil, eu-LISA, na Ballstáit |
| 7. Na próisis agus an sreabhadh oibre san eolaíocht fhóiréinseach a oiriúnú chun glacadh leis na féidearthachtaí a thagann leis an gclaochlú digiteach agus iad a chur in oiriúint do na féidearthachtaí sin. | **ENFSI**, eu-LISA, na Ballstáit |

**Uirlisí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn**

Ní mór féachaint ar uirlisí agus ar theicneolaíochtaí nua agus atá ag teacht chun cinn agus iad a mheas go leanúnach, lena n-áirítear fianaise bhitheolaíoch agus cheimiceach de chineál '-maíochtaí' agus nanaitheicneolaíocht atá ag teacht chun cinn, maidir lena infheidhmeacht san eolaíocht fhóiréinseach. Tá sé ríthábhachtach na teicneolaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a oiriúnú lena n-úsáid san eolaíocht fhóiréinseach chun go mbeidh an eolaíocht fhóiréinseach ábhartha i gcónaí.

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 8. Faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i réimsí eolaíochta eile agus súil a choinneáil orthu (lena n-áirítear fianaise bhitheolaíoch agus cheimiceach de chineál '-maíochtaí' agus nanaitheicneolaíocht atá ag teacht chun cinn) ionas go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm san eolaíocht fhóiréinseach. Plean rannpháirtíochta a chruthú don lucht acadúil agus an earnáil tionsclaíochta le haghaidh na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus a bhféadfaí úsáid fhóiréinseach a bhaint astu. | **ENFSI**, an lucht acadúil, an Coimisiún, Europol, an earnáil tionsclaíochta, na Ballstáit |
| 9. Teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn a oiriúnú, a bhailíochtú agus a chur chun feidhme lena n-úsáid san eolaíocht fhóiréinseach. | **ENFSI,** an lucht acadúil, Europol, na Ballstáit |

## B. TIONCHAR AN dTORTHAÍ FÓIRÉINSEACHA A NEARTÚ

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | Is dlúthchuid den chóras breithiúnach í an eolaíocht fhóiréinseach agus tá torthaí fóiréinseacha ríthábhachtach chun a áirithiú go bhfreastalaítear ar an gceartas. Chun go gcuirfear le tionchar na dtorthaí fóiréinseacha, ní mór úsáid na fianaise eolaíche a fhorbairt ar fud an tslabhra coimeádta, comhar idir geallsealbhóirí a éascú, agus fírinne eolaíochtbhunaithe a chruthú. |
| **Toradh:** | Níos mó úsáide agus tairbhe a bhaint as fianaise eolaíoch sa chóras breithiúnach. Comhar agus comhroinnt eolais níos fearr idir gníomhaireachtaí agus dlínsí san Aontas agus lasmuigh de. |
| **Réasúnaíocht, gníomhaíochtaí agus gníomhaithe freagracha:** | **Scrúdú agus léirmhíniú fóiréinseach**<br><br>Scrúdú agus léirmhíniú fóiréinseach a fhorbairt chun tionchar torthaí fóiréinseacha a neartú agus a n-iontaofacht a léiriú. |

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 1. Staitisticí agus réasúnaíocht dhóchúlaíoch le haghaidh na heolaíochta fóiréinsí a leathnú agus a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí a úsáid le haghaidh tuairisciú meastóireachta. | **ENFSI,**<br>an lucht acadúil,<br>GEOB |
| 2. Cur chuige aonfhoirmeach a fhorbairt maidir le tuairisciú ar leibhéal na foinse agus na gníomhaíochta trasna na ndisciplíní fóiréinseacha. | **ENFSI,**<br>an lucht acadúil,<br>na Ballstáit |

**Comhroinnt sonraí fóiréinseacha**

Sonraí fóiréinseacha a chomhroinnt idir gníomhaireachtaí agus dlínsí chun cabhrú le cáilíocht sonraí agus chun tacú le comhchuibhiú formáidí i dtacar sonraí, lena n-áirítear uirlisí chun sonraí a chomhroinnt, chun idir-inoibritheacht chórais faisnéise mórscála an Aontais a áirithiú, lena n-áirítear tacair sonraí chun uirlisí eolaíochta sonraí fóiréinseacha a fhorbairt, a bhailíochtú agus a mheas.

| **Gníomhaíocht** | **Freagracht** |
|---|---|
| 3. Féachaint an bhféadfaí córas (nó córais) a chur chun feidhme lena n-áirítear formáidí caighdeánaithe sonraí le haghaidh malartú dearbhaithe éifeachtúil agus ar ardchaighdeán cosúil le creat Prüm. Ba cheart féachaint sa chreat ar an ngá atá le sonraí chun uirlisí a bhaineann le heolaíocht sonraí fóiréinseacha a fhorbairt agus a mheas. | **An Coimisiún**, an lucht acadúil, eu-LISA, ENFSI, Europol, an earnáil tionsclaíoch, na Ballstáit |
| 4. Tionchar na Treorach maidir le Forfheidhmiú an Dlí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a chinneadh chun sonraí éagsúla lena dtagraítear do dhaoine aonair a úsáid. | **An Coimisiún** |
| 5. Creat coiteann (léacsacan) a fhorbairt chun fianaise eolaíoch a chur in iúl. | **An Coimisiún,** an lucht acadúil, ENFSI |

**Cuir chuige ildisciplíneacha**

Féachaint ar chuir chuige ildisciplíneacha ionas go mbeidh torthaí fóiréinseacha tairbheach d'imscrúduithe agus d'oibríochtaí faisnéisbhunaithe a bhaineann leis an gcoireacht eagraithe thromchúiseach agus leis an sceimhlitheoireacht mar a shainaithnítear i dtuarascáil SOCTA.

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 6. Athbhreithniú a dhéanamh ar réitigh theicneolaíocha agus ar riachtanais na n-úsáideoirí deiridh a mhéid a bhaineann le faisnéis agus cuir chuige ildisciplíneacha chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as fianaise fhóiréinseach. | **ENFSI**,<br>an lucht acadúil,<br>an Coimisiún,<br>Europol,<br>na Ballstáit |
| 7. Luach fianaiseach aonair agus comhcheangailte na gcineálacha fianaise fóiréinsí a chinneadh agus conairí a shainiú chun cineálacha faisnéise agus fianaise ildisciplíneacha a chur chun feidhme go hoibríochtúil. | **ENFSI**,<br>an lucht acadúil,<br>an Coimisiún,<br>Europol,<br>na Ballstáit |

## C. IONTAOFACHT A LÉIRIÚ I dTORTHAÍ FÓIRÉINSEACHA

| | |
|---|---|
| **Cuspóir:** | Cur leis an tuiscint ar na sásraí san eolaíocht fhóiréinseach agus a áirithiú go ndéanfar na hiarmhairtí féideartha a bhainistiú go cuí laistigh den chóras breithiúnach. Oiliúint agus oideachas a éascú san eolaíocht fhóiréinseach. |
| **Toradh:** | A áirithiú go mbeidh na scileanna agus an t-eolas is gá ag cleachtóirí eolaíochta fóiréinsí chun cur go héifeachtach leis an gcóras breithiúnach. Próisis agus nósanna imeachta feabhsaithe chun bainistiú riosca agus caighdeáin cháilíochta chuí a áirithiú. |
| **Réasúnaíocht, gníomhaíochtaí agus gníomhaithe freagracha:** | **Na Buntosca san Eolaíocht Fhóiréinseach**<br><br>Na buntosca san Eolaíocht Fhóiréinseach lena n-áirítear raon leathan réimsí a d'fhéadfaí a fhiosrú agus a fhorbairt agus na modhanna reatha á n-urramú ag an am céanna. |

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 1. Taighde a chur chun cinn maidir le tacar bunphrionsabal agus fianaise eimpíreach maidir le húsáid na heolaíochta fóiréinsí sa chóras ceartais. | **ENFSI,**<br>an lucht acadúil, GEOB |
| 2. Staidéir a fhorbairt chun leitheadúlacht, aistriú agus dianseasmhacht cineálacha fianaise fóiréinsice a thuiscint agus a chinneadh. | **ENFSI**,<br>an lucht acadúil,<br>an Coimisiún,<br>na Ballstáit |
| 3. Teicneolaíochtaí a fhorbairt chun an leas is fearr is féidir a bhaint as aisghabháil na fianaise fóiréinsí. | **ENFSI**, Europol,<br>an lucht acadúil,<br>an Coimisiún,<br>an earnáil tionsclaíoch,<br>na Ballstáit |

**Tosca Fóiréinseacha Daonna**

Tuiscint ar an tionchar a bhíonn ag idirghníomhú an duine ar chinntí ar gach leibhéal de phróiseas imscrúdaitheach fóiréinseach, ó láthair na coire go dtí an seomra cúirte.

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 4. Taighde a dhéanamh ar éifeachtaí na claontachta agus an bhainistithe comhthéacs ar chinnteoireacht san eolaíocht fhóiréinseach, ó anailís ar láthair na coireachta go himeachtaí seomra cúirte. | **ENFSI,** an lucht acadúil, CEPOL, GEOB |
| 5. Torthaí an taighde sin a scaipeadh chun cur leis an tuiscint ar na tosca sin agus na réitigh atá ar fáil a chomhroinnt chun claontacht a bhriseadh agus a mhaolú. | **ENFSI,** CEPOL, GEOB |

**Dearbhú Cáilíochta agus Inniúlachta**

Is den ríthábhacht é go ndéanfar forbairt leanúnach ar cháilíocht agus ar inniúlacht chun teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme agus chun muinín a choinneáil san eolaíocht fhóiréinseach.

| Gníomhaíocht | Freagracht |
|---|---|
| 6. Cláir oiliúna a fhorbairt do chleachtóirí fóiréinseacha agus deiseanna a shainaithint chun ardáin a fhorbairt agus a óstáil. | **CEPOL**, ECTEG, ENFSI, GEOB |
| 7. Oiliúint a éascú agus ábhar oiliúna a scaipeadh d'úsáideoirí deiridh na fianaise fóiréinsí faoin gcaoi ina bhféadfar torthaí eolaíochta fóiréinsí a léirmhíniú agus neart na fianaise a thuiscint | **GEOB**, ENFSI, CEPOL, na Ballstáit |
| 8. Dearbhú cáilíochta na seirbhísí fóiréinseacha neamhchreidiúnaithe, idir na seirbhís atá ann cheana agus na cinn a bheidh ann amach anseo, a neartú chun a mbailíocht a áirithiú. | **ENFSI,** na Ballstáit |